FOIRM CHLÁRÚCHÁIN TOGHTHÓRA

- Cion coiriúil is ea é eolas bréagach a sholáthar ar an fhoirm seo lena bhféadfar téarma príosúin sé mhí a ghearradh ort nó fíneáil £5000 a leagan ort nó an dá cheann le chéile. I gcás gur iarradh ort an fhoirm seo a líonadh, cion is ea é gan an t-eolas a sholáthar lena bhféadfar fíneáil suas go £1000 a leagan ort.
- Líontar amach an fhoirm seo i gCEANNLITREACHA agus le **Dúch Dubh**.

Don oifig amháin		
Bharda	Dáta	Cód

DO CHUID SONRAÍ

Sloinne

Má tá malairt sloinne ort seachas mar a bhí an uair dheiridh a chláraigh tú, tabhair anseo thíos, le do thoil, an sloinne a bhí ort roimhe seo.

Céad-Ainmneacha
(ina n-iomláine)

Seoladh
Iarraim mé a chlárú ag an seoladh seo mar a bhfuilim anois i mo chónaí

Uimhir tí nó árasáin

Ainm na sráide

Baile mór nó cathair

Cód Poist

Seoladh roimhe seo Má d'athraigh tú seoladh ón uair dheiridh a chláraigh tú tabhair anseo thíos, le do thoil, an seanseoladh a bhí agat.

Seoladh eile (mar aon le cód poist)
Ná líontar an rannóg seo ach i gcás go bhfuil aon seoladh eile agat sa Ríocht Aontaithe mar a bhfuil tú cláraithe nó iarratas déanta agat ar chlárú.

Náisiúntacht (m.sh. Gael, Briotanach, Francach)

Dáta breithe (LL/MM/BBBB)

/ /

Uimhir árachais náisiúnta
(mar shampla AB123456D)

Cuir tic sa bhosca seo mura raibh Uimhir árachais náisiúnta agat ariamh

Uimhir ghutháin ní úsáidfimid an uimhir seo ach i gcás go mbeidh orainn aon ní a dheimhniú.

CLÁR ATHEAGRAITHE (féach na nótaí iniata)

Tig le cách cóip den chlár toghthóirí atheagraithe a cheannacht, lena n-áirítear comhlachtaí a sheolann dramhphostl. Más mian leat nach bhfoilseofar do chuid sonraí ar an gclár atheagraithe cuir tic anseo.

CÁRTA AITH. TOGHTHÓRA (féach na nótaí iniata)

Má tá Cárta Aitheantais Toghthóra uait cuir tic anseo.

DEARBHÚ

Tá an t-eolas ar an fhoirm seo cruinn, agus tá buancónaí orm i dTuaisceart Éireann le trí mhí anuas.
Ní mór an fhoirm seo a shíniú sa bhosca thíos ach amháin mura dtig leat sin a dhéanamh de bharr éalainge nó de bharr nach dtig leat léamh.
Ní ceadaítear d'éinne eile síniú duit**.**

***Coinnítear an sloinne iomlán laistigh den bhosca bán, le do thoil. Muna ndéantar amhlaidh tharlódh go seolfar an fhoirm ar ais chugat**

Dáta

Mura dtig leat an fhoirm a shíniú de bharr éalainge nó de bharr nach dtig leat léamh, ní mór duit iarraidh ar fhinné an rannóg seo thíos a líonadh isteach ar do shon.

Dúirt an té a bhfuil a c(h)uid) sonraí tugtha ar an fhoirm seo liom go bhfuil an t-eolas bailí. Ní thig leis an té sin an fhoirm a shíniú **de bharr éalainge/ de bharr nach dtig leis/léi léamh** (***scrios de reir mar oireann**).

Síniú fínne

Seoladh finné

Eolas fóinteach

- Cion coiriúil is ea é eolas bréagach a sholáthar ar an fhoirm seo lena bhféadfar téarma príosúin sé mhí a ghearradh ort nó fíneáil £5000 a leagan ort nó an dá cheann le chéile. I gcás gur iarradh ort an fhoirm seo a líonadh, cion is ea é gan an t-eolas a sholáthar lena bhféadfar fíneáil suas go £1000 a leagan ort.
- Más leat leat vótáil i dtoghcháin ní mór d'ainm a bheith ar chlár na dtoghthóirí.
- Thiocfadh le daoine leas a bhaint as an gclár toghthóirí le cinneadh a dhéanamh pé acu creidmheas a cheadú nó gan a cheadú duit. Mura bhfuil d'ainm ar an gclár tharlódh go mbeadh sé deacair agat iasacht airgid a fháil, cuntas bainc a oscailt nó creidmheas a fháil.

Líon amach an fhoirm go cúramach agus seol ar ais chuig an Oifig Toghchánaíochta (chun seoltaí na n-oifigí ceantair a fháil, glaoigh ar an líne cabhrach nó seiceáil an suíomh gréasáin – féach thíos do na sonraí). Cuimhnigh go bhfuil eolas pearsanta ar an fhoirm seo a bhféadfadh tóir a bheith ag coirpigh air. Is chuig Oifig Thoghchánaíochta Thuaisceart Éireann amháin ba choir duit an fhoirm a sheoladh.

- Ní mór foirm amháin ar son gach aon duine.
- Ní mór duit do dháta breithe a thabhairt mar aon le d'Uimhir Árachais Náisiúnta agus an fhoirm a shíniú tú féin – ní thig le aon duine eile í a shíniú duit.
- Ní mór duit a bheith i do shaoránach de chuid na Breataine, na hÉireann, an Chomhfhlaithis nó an Aontais Eorpaigh, agus ní mór duit do náisiúntacht a chur ar an fhoirm.
- Ní mór duit a bheith i do chónaí go buan i dTuaisceart Éireann le trí mhí anuas.

Nuair a fhaigheann muid an fhoirm, seiceálfaidh muid an t-eolas a chuir tú ar fáil. Athróidh muid nó leasóidh muid do chuid sonraí ar an gclár laistigh de shé sheachtain má ghlacann muid le d'iarratas. Seolfaidh muid litir chugat le rá leat cén toradh a bhí ar d'iarratas.

Má tá gá againn le breis eolais scríobhfaidh muid chugat. Tharlódh go n-iarrfaidh muid cruthúnas ar an eolas atá tugtha agat.

Na cláir toghthóirí iomlána atheagraithe

An clár atheagraithe. Má chuireann tú tic sa bhosca 'clár atheagraithe', ní bheidh d'ainm ná do sheoladh le feiceáil ar an gclár atheagraithe, ar féidir le cách é a cheannacht nó a úsáid ar a rogha caoi. Tig le duine aonair, comhlacht nó eagraíocht ar bith, comhlachtaí dramhphoist san áireamh, cóip den chlár atheagraithe a cheannacht ar mhaithe le gníomhaíochtaí gnó amhail margaíocht.

An clár iomlán. Liostaítear ar an gclár iomlán ainm agus seoladh gach duine atá cláraithe. De réir dlí, tig le heagraíochtaí poiblí agus daoine áirithe, lena n-áirítear polaiteoirí, an clár iomlán a fháil. Tig le cách féachaint air ach coir is ea é an t-eolas a sholáthar nó a úsáid i leith cuspóirí ar bith seachas mar a cheadaítear faoin dlí. Tig le áisíneachtaí creidmheas-thagairt an clár iomlán a úsáid ach sin amháin chun d'ainm agus do sheoladh a sheiceáil má tá creidmheas á lorg agat.

An cárta céannachta toghthóra

Mura bhfuil pas agat, ceadúnas tiomána BMh nó TÉ, PrasPhas Sinsear MearNasc, 60+ Prasphas, PrasPhas Míchumais Cogaidh nó Prasphas Daill, ní mór duit cárta céannachta toghthóra a bheith agat le vóta a chaitheamh i dtoghcháin i dTuaisceart Éireann. Cuir tic i mbosca an "Cárta Aith. Toghthóra" agus seol chugainn in éineacht leis an fhoirm grianghraf daite ar chruth pas (scríobh d'ainm, an dáta agus do dháta breithe ar a chúl) mar aon le fianaise céannachta i gcruth grianghraif. De rogha air sin, tig leat iarratas a dhéanamh go pearsanta san Oifig Ceantair mar a dtógfar do ghrianghraf saor in aisce agus ní bheidh gá le fianaise céannachta grianghraif. D'fhonn sonraí le cois a fháil, gabh i dteagmháil linn nó tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin (Féach thíos).

Eolas pearsanta a úsáid

Thiocfadh dhó go gcuirfí an t-eolas a thugtar ar do fhoirm iarratais ar fáil do chomhlachtaí atá freagrach as cistí poiblí a iniúchadh agus a riar do chríocha calaois a chosc agus a fhionnadh.

D'fhonn sonraí le cois a fháil, féach le do thoil ar ár suíomh gréasáin nó gabh i dteagmháil leis an Oifigeach Eolais ag an seoladh seo thíos.

Modh teagmhála

Seo é ár seoladh:
Oifig Toghthóirí Thuaisceart Éireann
Teach Anna Naofa
15 Sráid na hEaglaise
Béal Feiriste/ Belfast BT1 1ER

Tá ár líne chabhrach oscailte ón Luan go hAoine idir 9am and 5pm: Uimhir saorlíne 0800 4320712.

Téacsghuthán: 0800 3284 502
Suíomh gréasáin: www.eoni.org.uk

Tá an fhoirm seo ar fáil i gcló mór, i gcló Braille, i gcruth éisteachta agus i réimse teangacha ach sin a iarraidh.